

# Comhairle na nDochtúirí Leighis
# Ráiteas Straitéise
# 2019 – 2023

Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

# Clár na nÁbhar

**Focal** 4

**Réamhrá** 5

Raon 5

**Fís, Bunchuspóir & Treoirphrionsabail** 6

Ár bhFís 6

Ár mBunchuspóir 6

Ár dTreoirphrionsabail 6

**Forbairt Straitéise** 7

Ag Tástáil Téamaí Straitéiseacha Atá ag Teacht Chun Cinn 7

**Léarscáil Straitéise** 8

**Cuspóirí Straitéiseacha** 10

**Cuspóir Straitéiseach 1** 11

**Cuspóir Straitéiseach 2** 12

**Cuspóir Straitéiseach 3** 13

**Cuspóir Straitéiseach 4** 14

**Cuspóir Straitéiseach 5** 15

**Cuspóir Straitéiseach 6** 16

# Focal



## Tá ról lárnach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis maidir le sábháilteacht othar a chur chun cinn agus a chinntiú trí chaighdeáin arda d'iompar gairmiúil agus eitic a bhunú sna gairmeacha míochaine.

Ag eascairt as próiseas rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus as anailís ar dhea-chleachtadh idirnáisiúnta, is cúis áthais dúinn Ráiteas Straitéise Chomhairle na nDochtúirí Leighis don tréimhse 2019 – 2023 a chur i láthair.

Is é seo an tríú plean ó tháinig Acht na Lia-chleachtóirí, 2007 agus is gluaiseacht nádúrtha é ar na doiciméid straitéise roimhe seo,
2010 – 2013 agus 2014 – 2018.

Bhí athbhreithniú cuimsitheach ar Ráiteas Straitéise 2014 – 2018, ar úsáideadh é le bonn eolais a chur faoi bhunchuspóir, fhís, threoirphrionsabail agus chuspóirí do thréimhse 5-bliana na Comhairle amach romhainn, mar chroílár i bhforbairt an phlean seo, Beidh na prionsabail seo mar bhonn agus mar thaca ar sheachadadh ár gcúraim.

Rinneamar athbhreithniú ar dhea-chleachtadh idirnáisiúnta freisin agus d'fhéachamar le forbairtí rialála agus reachtaíochta ábhartha a chur san áireamh atá le teacht in imeacht na gcúig bliana amach romhainn.

Is mian linn comhoibriú ár bpáirtithe leasmhara ar fad agus a dtoilteanas dul i dteagmháil linn go dearfach maidir le forbairt an phlean seo a aithint. D'aontaíodar go soiléir go bhfuil tábhacht faoi leith i gcinntiú gur ceannaire í Comhairle na nDochtúirí Leighis – le linn di a bheith ag tabhairt faoina príomhfhreagrachtaí rialála agus reachtaíochta – i gcur chun cinn agus i gcur i bhfeidhm dhea-chleachtadh na míochaine san earnáil sláinte atá ag athrú agus ag forbairt de shíor.

Ag eascairt as an obair shuntasach ar tugadh fúithi, thángamar ar straitéis cúig bliana atá réalaíoch, nuálach agus uaillmhianach. Creidimid go gcuireann sé ar chumas Comhairle na nDochtúirí Leighis a cúram iomlán mar an gcomhlacht freagrach maidir le rialachán na lia-chleachtóirí cláraithe in Éirinn a chomhlíonadh. Tá cosaint sábháilteacht othar agus tacú leis na gairmeacha míochaine ar shlí thrédhearcach, mheasúil agus chothrom lárnach sa mhéid seo.

Mar chuid lárnach d'fhorbairt na straitéise seo chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis in iúl go mbeidh tionchar aici ar an gcóras sláinte atá riachtanach chun tacú le cúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí rialachán stuama a chur i bhfeidhm. Cuirfidh Comhairle na nDochtúirí Leighis le Sláintecare, an fhís 10-mbliana do chóras chúram sláinte náisiúnta na hÉireann, agus le beartais náisiúnta eile trínár ndáta agus ár saineolas a scaipeadh agus trí rannpháirtíocht réamhghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara.

Cuimseofar cúrsaí beartas sláinte aitheanta go náisiúnta i bpleananna bliantúla ábhartha na Comhairle de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Táimid ag súil go mór le hobair a dhéanamh i gcomhair le gach lia-chleachtóir cláraithe agus lenár bpáirtithe leasmhara maidir le straitéis Chomhairle na nDochtúirí Leighis don chéad chúig bliana atá amach romhainn a sheachadadh.



Dr Rita Doyle
**Uachtarán**



William Prasifka
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Réamhrá

## Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht atá freagrach as lia-chleachtóirí cláraithe in Éirinn a rialú faoi Acht na Lia-chleachtóirí, 2007 ('an tAcht').

Faoi Acht, áirítear le feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

- Cosaint an phobail arna mhíniú san Acht
- •Clár na lia-chleachtóirí a choinneáil
- Caighdeáin a leagan síos, a choinneáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu i ndáil leis an oideachas míochaine do lia-chleachtóirí cláraithe.
- Caighdeáin a leagan síos, a choinneáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu i ndáil leis an gcleachtas eiticiúil agus gairmiúil do lia-chleachtóirí cláraithe.
- Ag cinntiú go bhfuil lia-chleachtóirí cláraithe ag coinneáil a n-inniúlacht ghairmiúil agus go bhfuil siad oiriúnach le haghaidh cleachta
- Ag bainistiú gearán a ndearnadh faoi dhochtúirí le cinntiú go bhfuil caighdeáin arda de chúram leighis a sholáthar le hothair a chosaint

Athraíodh ról agus cúram Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mórán réimsí san Acht agus léiríodh é seo sa chéad ráiteas straitéise in 2010. Bhí rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara mar gheall ar an bpróiseas leis an straitéis 2014 – 2018 a lean seo a fhorbairt, agus tugadh deis do Chomhairle na nDochtúirí Leighis machnamh a dhéanamh ar a seasamh reatha i gcomhshaol na sláinte agus a príomhchuspóirí leis an eagraíocht a bhogadh ar aghaidh a leagan síos. Tá tábhacht faoi leith leis na príomhthéamaí a d'eascair ón bpróiseas sin – lena n-áirítear ceannaireacht, iontaoibh othar, cur chuige tomhaiste, coinneáil lia-chleachtóirí cláraithe, dea-chleachtadh, sláinte lia-chleachtóirí, comhoibriú, reachtaíocht rialaithe agus inbhuanaitheacht – go fóill sa lá atá inniu ann.

Is é seo an tríú Plean Straitéiseach de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus clúdófar ann an tréimhse 2019 - 2023. Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis próiseas rannpháirtíochta fairsing le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i gcrích agus rinneadh anailís idirnáisiúnta deisce mar gheall ar dhea-chleachtadh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéise seo.

### Raon

Díríodh ar na nithe seo a leanas agus Comhairle na nDochtúirí Leighis ag forbairt an phlean straitéise seo:

- Feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar atá leagtha síos san Acht
- An comhshaol sochaíoch agus eacnamaíoch atá ag athrú
- Na riachtanais rialacháin atá ag athrú
- Na leasuithe beartaithe ar an Acht agus athruithe ionchasacha i ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag eascairt as na hathruithe seo.
- Sláintecare, beartais chúram sláinte náisiúnta eile agus reachtaíocht
- Seachadadh forásach seirbhísí sláinte agus bogadh i dtreo sheirbhísí pobalbhunaithe
- Bunathruithe chun feabhais sna seirbhísí sláinte le bunú na ngrúpaí ospidéil agus le bunú eagraíochtaí chúram sláinte poiblí.

# Fís, Bunchuspóir & Treoirphrionsabail

**Mar gheall ar athbhreithniú ar an ráiteas maidir le Fís, le Bunchuspóir agus leis na Treoirphrionsabail, rinneadh nuashonruithe orthu ar fad le béim Chomhairle na nDochtúirí Leighis a léiriú don chéad chúig bliana eile amach romhainn.**

## Fís

**Cúram othar sábháilte ar ardchaighdeán, muinín an phobail i leith na ngairmeacha míochaine agus ceannaireacht i gcúram sláinte**

## Bunchuspóir

**Caighdeáin ghairmiúla a leagan síos, a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu a thacóidh le seachadadh chúram othar shábháilte ar ardchaighdeán agus dea-thorthaí othar**

## Treoirphrionsabail

**A bheith i bhfách le hothair agus ag tacú le lia-chleachtóirí i gcomhshaol chúram leighis atá ag athrú**

**Ag feidhmiú le neamhspleáchas, cothroime agus macántacht**

**A bheith oscailte agus trédhearcach**

**Ag tógáil iontaoibhe agus measa idir lia-chleachtóirí, othair agus Comhairle na nDochtúirí Leighis**

**Ag stiúradh agus ag dul i gcion ar chúram sláinte**

**Ag glacadh cuntasachta i leith ár gcinntí agus i leith ár ngníomhartha**

# Forbairt Straitéise

## Eascraíonn sé chuspóir na straitéise mar gheall ar rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara agus mar gheall ar phróiseas comhairliúcháin inmheánach.


Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis muiníneach go bhfuil straitéis láidir forbartha aici lena bunchuspóir a bhaint amach agus le gluaiseacht ar aghaidh i dtreo a físe.

Forbrófar agus ailíneofar plean gnó bliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis i dtreo na gcuspóirí straitéiseacha seo le hamscálaí táscacha, insoláthartha agus aschurtha ar féidir iad a thomhas.

Déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis monatóireacht ar an gcomhshaol sláinte agus cúram sóisialta atá ag athrú le cinntiú go bhfanann an straitéis ábhartha agus oiriúnach don fheidhm lena bunchuspóir agus lena fís a bhaint amach go héifeachtach.

Rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis na rudaí seo a leanas agus an straitéis 2019 – 2023 á chur le chéile:

- Athbhreithníodh Straitéis 2014 – 2018 Chomhairle na nDochtúirí Leighis;
- Tugadh faoi rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara trí shuirbhéanna agus trí chruinnithe fócasaithe;
- Athbhreithníodh an comhshaol reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Reáchtáladh ceardlanna físe le feidhmeannas Chomhairle na nDochtúirí Leighis, le foireann shinsearach cheannasaíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus le hionadaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis.




### Ag Tástáil Téamaí Straitéiseacha Atá ag Teacht Chun Cinn

Tháinig téamaí straitéiseacha chun cinn ón taighde, na suirbhéanna, na ceardlanna agus an plé, agus rinneadh tástáil níos mó ar na téamaí seo i gceardlanna le Comhairle na nDochtúirí Leighis, lucht bainistíochta agus an fhoireann. Le linn an phróisis seo, d'aithin Comhairle na nDochtúirí Leighis na príomhchuspóirí straitéiseacha agus na gníomhartha ábhartha a spreagfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ina cuid oibre ar feadh na cúig bliana amach romhainn.

# Léarscáil Straitéise

## Ár bhFís

Cúram othar sábháilte ar ardchaighdeán, muinín an phobail i leith na ngairmeacha míochaine agus ceannaireacht i gcúram sláinte

## Ár mBunchuspóir

Caighdeáin ghairmiúla a leagan síos, a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu a thacóidh le seachadadh chúram othar shábháilte ar ardchaighdeán agus dea-thorthaí othar

# Ár gCuspóirí Straitéiseacha

**1**

**Cinntiú go gcosnaíonn rialachán leighis an pobal agus go dtacaíonn sé le lia-chleachtóirí cláraithe**

**2**

**Cinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithe i ngnéithe an oideachais, na traenála agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil**

**3**

**Foghlaim ó thaithí le seachadadh múnla éifeachtach chuí rialúcháin a fheabhsú**

## Ár dTreoirphrionsabail

- A bheith i bhfách le hothair agus ag tacú le lia-chleachtóirí i gcomhshaol chúram leighis atá ag athrú
- Ag feidhmiú le neamhspleáchas, cothroime agus macántacht
- A bheith oscailte agus trédhearcach
- Ag tógáil iontaoibhe agus measa idir lia-chleachtóirí, othair agus Comhairle na nDochtúirí Leighis
- Ag stiúradh agus ag dul i gcion ar chúram leighis
- Ag glacadh cuntasachta i leith ár gcinntí agus i leith ár ngníomhartha

**4**

Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

**5**

Athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe molta ar an reachtaíocht ag rialú na ngairmeacha míochaine

**6**

Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

# Cuspóirí Straitéiseacha

**Leis an straitéis seo a sheachadadh shainigh an Chomhairle sé phríomhchuspóir straitéiseacha agus roinnt gníomhartha an-tábhachtach.**

Is iad seo a leanas na sé phríomhchuspóir straitéiseacha don téarma seo:

| | |
|---|---|
| 1 | Cinntiú go gcosnaíonn rialachán míochaine an pobal agus go dtacaíonn sé le lia-chleachtóirí cláraithe |
| 2 | Cinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithe i ngnéithe an oideachais, na traenála agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil |
| 3 | Foghlaim ó thaithí le seachadadh múnla éifeachtach chuí rialúcháin a fheabhsú |
| 4 | Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú |
| 5 | Athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe molta ar an reachtaíocht ag rialú na ngairmeacha míochaine |
| 6 | Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe |

# Cuspóir Straitéiseach 1

## Cinntiú go gcosnaíonn rialachán míochaine an pobal agus go dtacaíonn sé le lia-chleachtóirí cláraithe

**Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:**

**1.1** Feidhmiú caighdeán a chinntíonn clárú éifeachtúil agus éifeachtach de lia-chleachtóirí míochaine a choinneáil

**1.2** Feidhmiú idirghabhálacha cuí rialála sonraithe a choinneáil

**1.3** Saineolas Chomhairle na nDochtúirí Leighis a aithint, a úsáid agus feidhm a bhaint as chun dearcthaí soiléire a fhorbairt ar shaincheisteanna tábhachtacha chúram sláinte, agus chun cur le forbairt bheartais sláinte a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht othar agus ar na gairmeacha míochaine

**1.4** A bheith ag comhoibriú le rialálaithe míochaine Éireannacha agus idirnáisiúnta chun cur le múnlaí agus le caighdeáin rialála dhea-chleachtaidh agus lena bhfeabhsú

Cinntíonn an chuspóir seo rialachán láidir agus cuí leis an bpobal a chosaint agus le tacaíocht a thabhairt do na gairmeacha míochaine.

Is í sprioc an chuspóra seo le cinntiú go bhfuil Comhairle na nDochtúirí Leighis ina ceannródaí agus go dtéann sí i bhfeidhm ar fhorbairt bheartais chúram sláinte agus gur ceannaire domhanda í i rialachán míochaine a bhfuil bonn eolais fúithi mar gheall ar dhea-chleachtadh idirnáisiúnta.

### Léireofar do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tháinig rath lena cuid iarrachtaí nuair a:

- Fheicfimid torthaí níos fearr ag eascairt as idirghabhálacha rialála cuí;
- Chuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis comhairle ar fáil, nuair a chuireann sí agus nuair a mhúnlaíonn sí beartais chúram sláinte ábhartha;
- Aithneoimid agus nuair a úsáidfimid saineolas eagraíochtúla agus idirnáisiúnta chun ár gcur chuige rialála a mhúnlú

# Cuspóir Straitéiseach 2

## Cinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithe i ngnéithe an oideachais, na traenála agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil

**Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:**

**2.1** Forbairt leanúnach ar mhúnla rialála cuí ar bhonn fianaise chun dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar oideachas míochaine, ar thraenáil agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

**2.2** Cinntiú go bhfuil gach idirghabháil oideachais, traenála agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil déanta ar bhonn fianaise

**2.3** Cinntiú go leabaítear an próiseas múnlaithe féiniúlachta ghairmiúil – ó thuata go gairmí oilte – in oideachas, traenáil agus foghlaim ar feadh an tsaoil

**2.4** Forbairt chláir oideachais ar bhonn toraidh, chláir traenála agus chláir fhoghlaim ar feadh an tsaoil a stiúradh in oiriúint do chéim ghairme an mhic léinn nó an lia-chleachtóra chláraithe

**2.5** Tabhair faoi nó coimisiúnaigh taighde oideachas míochaine sonraithe a théann i ngleic le téamaí straitéiseacha thábhachtacha a gcuireann caighdeán oideachas míochaine, traenála agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil in Éirinn chun cinn

**2.6** Cuir ceannasaíocht ar fáil do mhic léinn agus do lia-chleachtóirí cláraithe maidir lena n-iompar gairmiúil agus lena bhfreagrachtaí eiticiúla

**2.7** Cuir tacaíocht ar fáil agus bí ar son fholláine intinne na mac léinn agus na lia-chleachtóirí cláraithe

Maidir leis an gcuspóir seo is mian le Comhairle na nDochtúirí Leighis dearbhú d'othair, do mhic léinn, do lia-chleachtóirí cláraithe agus do na foirne ildisciplíneacha go bhfuil oideachas míochaine, traenáil agus foghlaim ar feadh an tsaoil in Éirinn oiriúnach don fheidhm. Aithnítear ann gá na mac léinn agus na lia-chleachtóirí cláraithe le tacaíochtaí sonracha ag idirthréimhsí tábhachtacha le linn a gcuid léinn agus a ngairmeacha. Is í an sprioc atá leis cinntiú go bhfanann beartais agus idirghabhálacha Chomhairle na nDochtúirí Leighis i dtaca le hoideachas, le traenáil agus le foghlaim ar feadh an tsaoil bailí agus cuí.

### Léireofar do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tháinig rath lena cuid iarrachtaí nuair a:

- Bheidh idirghabhálacha rialála Chomhairle na nDochtúirí Leighis a eascraíonn as athbhreithnuithe i gcaighdeáin oideachais, i gcaighdeáin traenála agus i gcaighdeáin fhoghlaim ar feadh an tsaoil déanta ar bhonn fianaise;
- Bheidh caighdeáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis i ngnéithe an oideachais míochaine, traenála agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil leanúnach, déanta ar bhonn torthaí agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm i ngach céim d'fhorbairt an mhic léinn/an lia-chleachtóra cláraithe;
- Bhainfear (agus shárófar ó am go chéile) comhlachtaí agus institiúidí traenála míochaine caighdeáin oideachais agus traenála amach, nó nuair a dhéantar gníomh tapa agus freagrach nuair a nochtann Comhairle na nDochtúirí Leighis saincheisteanna comhlíontacha a aithneoidh sí;
- Chuirfear tacaíochtaí folláine ar fáil go héasca do mhic léinn agus do lia-chleachtóirí cláraithe ag aistriú ó thuata go gairmí míochaine agus ar feadh a ngairmeacha.

# Cuspóir Straitéiseach 3

## Foghlaim ó thaithí le seachadadh múnla éifeachtach chuí rialúcháin a fheabhsú

**Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:**

**3.1** Aithin go réamhghníomhach agus soláthair feabhsúcháin i ngníomhaíochtaí rialála

**3.2** Déan anailís ar eolas ábhartha agus úsáid é (go hinmheánach agus go seachtrach) i mbealach sonraithe, le bonn eolais níos fearr a chur faoi chinntí

**3.3** Comhoibrigh le páirtithe leasmhara le roinnt eolais, eispéireas agus comhfhoghlama a spreagadh

**3.4** Bí inár n-eagraíocht foghlama atá tiomanta feabhas a chur ar a dhéanaimid i gcónaí

Baileoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis eolas óna gníomhaíochta ar fad, déanfaidh sí anailís dhomhain air ag scrúdú bhunchúiseanna na saincheisteanna rathúla agus na saincheisteanna a chothaigh ní ba mhó deacrachtaí. Tá an chuspóir seo dírithe ar an eolas seo a úsáid le tograí a fhorbairt d'fhonn saincheisteanna rialála a thiocfaidh chun cinn ag céim éigin amach anseo a sheachaint.

Is í an sprioc anseo cur chuige "seachain seachas leigheas" a ghlacadh maidir le lia-chleachtóirí cláraithe a rialú le feabhsúcháin leanúnacha i ngach réimse de chuid gníomhaíochta agus feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

### Léireofar do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tháinig rath lena cuid iarrachtaí nuair a:

- Aithneoimid cláir agus nuair a chuirfimid i bhfeidhm iad chun tacú le cleachtas rialála feabhsaithe;
- Fhorbrófar cláir oideachais agus traenála shonraithe do lia-chleachtóirí cláraithe a léiríonn bearnaí maidir le heolas, scileanna agus taithí;
- Bainfear pleananna gnó bliantúla amach.

# Cuspóir Straitéiseach 4

## Tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

**Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:**

**4.1** Cuir éiteas eagraíochtúil oscailte agus trédhearcach chun cinn

**4.2** Bunaigh bealaí cumarsáide dhá bhealach fiúntacha agus féidearthachtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara

**4.3** Leag amach agus roinn modheolaíochtaí, oibríochtaí agus próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis le páirtithe leasmhara tábhachtacha

**4.4** Foilsigh agus cuir gníomhaíochtaí ábhartha Chomhairle na nDochtúirí Leighis chun cinn

Díríonn an chuspóir seo ar ardú feasachta i measc lia-chleachtóirí cláraithe, an phobail agus pháirtithe leasmhara eile maidir le feidhmeanna, róil agus gníomhaíochtaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus maidir leis an gcaoi a dtacaíonn sí le cúram othar sábháilte éifeachtach. Baineann sé le hoscailteacht agus le trédhearcacht i ngach gníomhaíocht, ag cinntiú go dtuigeann agus go bhfuil meas ag páirtithe leasmhara ar an ról atá ag Comhairle na nDochtúirí Leighis i gcosaint an phobail agus i dtacú leis na gairmeacha míochaine.

Oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara leis na sochair a bhaineann le rialúchán éifeachtach i gcosaint an phobail agus i dtacú leis na gairmeacha míochaine a chur chun cinn.

### Léireofar do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tháinig rath lena cuid iarrachtaí nuair a:

- Bhreathnófar ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar eagraíocht oscailte, thrédhearcach agus mhacánta ina cuid beartaíochta leis gairmeacha míochaine;
- Pléifidh Comhairle na nDochtúirí Leighis go réamhghníomhach agus nuair a bheidh sí i mbun cumarsáide le lia-chleachtóirí cláraithe agus le páirtithe leasmhara.

# Cuspóir Straitéiseach 5

## Athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe molta ar an reachtaíocht ag rialú na ngairmeacha míochaine

**Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:**

**5.1** Athbhreithnigh an reachtaíocht reatha atá ag rialú lia-chleachtóirí le bonn eolais a chur faoi athruithe agus lena moladh

**5.2** Scrúdaigh reachtaíocht agus cleachtas rialála gairmeacha sláinte idirnáisiúnta le bonn eolais a chur faoi athruithe agus lena moladh i rialachán na lia-chleachtóirí

**5.3** Déan moltaí maidir le conas is féidir rialachán na lia-chleachtóirí cláraithe a fheabhsú

Is í sprioc an chuspóra seo nó tionchar a imirt ar athruithe cuí i reachtaíocht a ligeann do Chomhairle na nDochtúirí Leighis a bheith ina rialaitheoir níos éifeachtaí agus níos freagrúla. Déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis athbhreithniú ar Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 agus ar reachtaíocht ábhartha eile le go ndéanfaidh sí moltaí ar chreat reachtaíochta cuí le haghaidh rialachán na ngairmeacha míochaine amach anseo de réir dhea-chleachtadh idirnáisiúnta.

Chun seo a bhaint amach oibreoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis leis an Roinn Sláinte (DoH) agus le páirtithe leasmhara eile.

### Léireofar do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tháinig rath lena cuid iarrachtaí nuair a:

- Athbhreithneofar Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, agus reachtaíocht ábhartha eile agus nuair a chuirfear athruithe molta le feabhas a chur ar rialachán na lia-chleachtóirí cláraithe in Éirinn de réir dhea-chleachtaidh os comhair an DoH.

# Cuspóir Straitéiseach 6

## Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

**Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:**

**6.1** Forbair, ailínigh agus tacaigh le foireann oilte eolach a theastóidh le cuspóirí straitéiseacha na Comhairle a bhaint amach

**6.2** Cultúr a chruthú a spreagann comhoibriú agus foghlaim roinnte i gComhairle na nDochtúirí Leighis

**6.3** Timpeallacht oibre agus infreastruchtúr a soláthar a thacaíonn le treo straitéiseach na Comhairle

**6.4** Struchtúir rialaithe a athbhreithniú go leanúnach agus a ailíniú i dtreo thosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta

Díríonn an chuspóir seo ar an eagraíocht agus ar a foireann a fhorbairt, ullmhaithe le hinniúlachtaí chun cúram agus straitéis na Comhairle a bhaint amach. Spreagtar leis an gcuspóir seo obair chomhoibríoch ilréimsiúil a chruthóidh soláthar níos éifeachtaí de phríomhfheidhmeanna na Comhairle. Tabharfar faoi athbhreithniú reatha ar struchtúir rialaithe le linn saolré na straitéise chun na feidhmeanna a fheabhsú.

Scrúdófar riachtanais acmhainní na heagraíochta agus riachtanais saoráidí meántéarmach go fadtéarmach Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

### Léireofar do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tháinig rath lena cuid iarrachtaí nuair a:

- Choinneoidh agus nuair a mheallfaidh an eagraíocht fostaithe oilte agus inniúla;
- A fheicfear soláthar níos éifeachtaí d’oibríochtaí tábhachtacha, a bhfuil bonn athbhreithnithe fúthu;
- Bheidh infreastruchtúr againn atá oiriúnach don fheidhm le tacú a thabhairt d’oibríochtaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis, lena n-áirítear córais TFC fhorásacha.

# Nótaí

Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

Comhairle na nDochtúirí Leighis
Kingram House
Plás Kingram
Baile Átha Cliath 2
D02 XY88

www.medicalcouncil.ie